Deireadh Fómhair © QQI

# QQI Ráiteas Straitéise 2025-2027



Cúram a dhéanamh de leasanna foghlaimeoirí

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland



# Réamhrá (ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach)

Tá áthas ar Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a 5ú Ráiteas Straitéise a chur i láthair, ina leagtar amach na tosaíochtaí a threoróidh ár gcuid oibre ó 2025 go 2027.

Ba é anuraidh an 20ú bliain don Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). Cé go bhfuil sé ar cheann de na creataí cáilíochtaí is túisce a bunaíodh agus is comhtháite le creataí ar fud an domhain, is beag athrú atá tagtha ar an CNC ó bunaíodh é in 2003, in ainneoin go bhfuil athrú mór tagtha ar chúrsaí oideachais agus oiliúna in Éirinn. Ar cheann de na nithe a dtabharfaimid tús áite dóibh sa tréimhse straitéise seo tá bearta chun an CNC a chosaint don todhchaí, le cinntiú gur foinse dhinimiciúil ach údarásach a bheidh ann i gcónaí do cháilíochtaí treasacha atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta.

Le linn na tréimhse atá clúdaithe sa straitéis seo, bronnfaidh QQI an marc cáilíochta TrustEd Ireland ar sholáthraithe ardoideachais agus oideachais sa Bhéarla. Cinnteoidh an marc seo go bhfaighidh foghlaimeoirí idirnáisiúnta a thagann go hÉirinn eispéireas oideachais ar ardchaighdeán.

Geallann QQI rialáil, treoir, comhairle, agus seirbhísí iontaofa a sholáthar a oireann do riachtanais sholáthraithe agus foghlaimeoirí éagsúla na hÉireann. Sna trí bliana amach romhainn, comhroinnfimid ár léargais, ár dtaighde agus ár n-anailís mar is gnách trínár bhfoilseacháin, ár suíomh Gréasáin, agus trí imeachtaí fíorúla agus pearsanta araon.

Toisc go bhfuil ról ríthábhachtach ag an oideachas agus an oiliúint i bhfianaise a nasctha atá saol an lae inniu, aithnímid an luach a bhaineann le foghlaim fhrithpháirteach agus le comhoibriú lenár gcomhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta. Leanfaimid orainn de líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a threorú chun díriú ar na contúirtí atá ag bagairt ar an ionracas acadúil le tamall anuas, agus féachfaimid, leis, le tionchar a imirt ar dhea-chleachtais i ndearbhú cáilíochta agus i gcáilíochtaí trí theagmháil straitéiseach níos láidre a fhorbairt lenár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta.

Le linn thréimhse na straitéise seo, geallann QQI a chinntiú go mbeimid athléimneach, cuimsitheach agus lúfar mar eagraíocht i gcónaí, agus go gcuirfimid seirbhísí freagrúla, trédhearcacha agus éifeachtacha ar fáil dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Ar deireadh, tá QQI tiomanta go hiomlán don uaillmhian atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Féachaimid, i dteannta a chéile, le gach duine sa tsochaí a chumasú chun gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh, agus chun go mbeidh acu na buanna, na scileanna agus an t-eolas riachtanach a theastaíonn chun maireachtáil i ndomhan atá ag athrú an t-am ar fad; ag an am céanna féachaimid le sochaí rachmasach, inbhuanaithe agus bhríomhar a thógáil tríd ár gcórais oideachais threasaigh, oiliúna agus taighde a fhorbairt.

**An tOllamh Irene Sheridan**
Cathaoirleach

**An Dr. Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach

# Ár bhFís

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn trína seachadtar córas oideachais solúbtha, atá dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de agus mar ar féidir le foghlaimeoirí a bheith muiníneach gur eispéireas foghlama d'ardchaighdeán a gheobhaidh siad agus go gcuirfear luach ar a gcuid cáilíochtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

# Ár mBunchuspóir

Cuirimid muinín agus iontaoibh an phobail chun cinn i gcáilíocht, ionracas agus dea-cháil chóras oideachais threasaigh na hÉireann trí:

- iomláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí chosaint,
- eolas údarásach agus cuimsitheach faoi cháilíochtaí agus deiseanna foghlama a sholáthar;
- rialú agus treoir iontaofa a sheachadadh
- cáilíocht soláthraithe agus a gcuid clár a bhreisiú agus,
- tionchar a imirt ar athrú córais le léargas agus anailísí.



# Ár Luachanna



Bunaímid ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár ngeallsealbhóirí ar luachanna soiléir agus ar iompraíochtaí gaolmhara.

Is foras poiblí **neamhspleách** muid, a oibríonn laistigh de chreat leathan bheartas an Rialtais. Cuirimid romhainn ár n-údarás rialála a chur i bhfeidhm go trédhearcach, go cóir, go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil.

Tá meas againn ar ár **bhfreagracht i bpáirt** le grúpaí eile chun muinín a chinntiú agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar oideachas agus ar oiliúint. I gcomhpháirtíocht le grúpaí eile, tugaimid faoinár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha ar bhealach **comhairleach, comhoibríoch** agus **cuimsitheach.**

Glacaimid agus cothaímid **muinín** agus **ionracas** inár gcinnteoireacht agus inár mbeartais, inár ngnásanna agus inár rialúchán. Ar fhianaise agus bunaithe ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunaímid ár gcur chuige.

Tá an **fhoghlaim** agus **an nuálaíocht** i gcroílár a ndéanaimid agus an chaoi a ndearaimid ár gcórais agus ár bpróisis ghnó. Cothaímid ár saineolas agus ár n-eolas agus foghlaimíonn muid ónár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tionchar a imirt agus chun daoine a threorú, a chomhairliú agus chun cúrsaí a rialáil ar bhealach údarásach agus freagrúil.

Is mór againn **taighde, léargas** agus **anailís** chun ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha a bhaint amach le tionchar dearfach agus intomhaiste.

# Ár gcúraimí

## An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí agus ár gcóras cáilíochtaí

- Déanaimid an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm mar chóras cáilíochtaí bunaithe ar na leibhéil foghlama a baineadh amach.
- Coinnímid Clár Cáilíochtaí na hÉireann mar bhunachar sonraí cuimsitheach de na cáilíochtaí go léir atá cuimsithe sa CNC
- Aithnímid comhlachtaí dámhachtana agus cuirimid a gcáilíochtaí san áireamh sa CNC
- Déanaimid monatóireacht ar sholáthraithe lena chinntiú go dtugann siad deiseanna rochtana, aistrithe agus forchéimnithe d'fhoghlaimeoirí agus go dtugann siad aitheantas do réamhfhoghlaim foghlaimeoirí
- Cuirimid comhairle ar fáil ar aitheantas do cháilíochtaí eachtracha in Éirinn agus ar aitheantas do cháilíochtaí Éireannacha thar lear

## Dámhachtainí QQI

- Socraímid caighdeáin do Dhámhachtainí QQI ag gach leibhéal den CNC
- Déanaimid dícheall cuí ar sholáthróirí príobháideacha chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht chun Dámhachtainí QQI a thairiscint nó chun an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* a shealbhú
- Déanaimid cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú as a leanann dámhachtainí QQI
- Bronnaimid cáilíochtaí agus eisímid teastais Dámhachtain QQI d'fhoghlaimeoirí
- Riaraimid ciste um chosaint foghlaimeora ar mhaithe le foghlaimeoirí atá cláraithe i soláthraithe oideachais tríú leibhéal príobháideacha a thairgeann Dámhachtainí QQI agus ar mhaithe le soláthraithe oideachais an Bhéarla a bhfuil an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* acu.
- Riaraimid ciste um chosaint foghlaimeora ar mhaithe le foghlaimeoirí atá cláraithe i soláthraithe oideachais tríú leibhéal príobháideacha a thairgeann Dámhachtainí QQI agus ar mhaithe le soláthraithe oideachais an Bhéarla a bhfuil an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* acu.

## Dearbhú Cáilíocht an Oideachais agus na hOiliúna

- Eisímid treoirlínte reachtúla chun bheith mar bhonn eolais faoi nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta soláthraithe
- Déanaimid nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta soláthraithe a fhaomhadh, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú
- Cuirimid feasacht ar ionracas acadúil chun cinn agus féachaimid lena choinneáil
- Bronnaimid an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* ar sholáthraithe ardoideachais agus oideachais an Bhéarla a chomhlíonann Cód Cleachtais reachtúil

## Rannpháirtíocht, Léargais agus Comhroinnt Eolais

- Téimid i gcomhairle le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le forbairt beartais agus chun bonn eolais a chur faoi thionscnaimh nua
- Déanaimid taighde agus anailís agus tuairiscímid ar cháilíocht agus ar cháilíochtaí sa chóras oideachais tríú leibhéal
- Téimid i gcomhairle le grúpaí foghlaimeoirí agus le hionadaithe foghlaimeoirí agus tugaimid páirt dóibh inár bpríomhfheidhmeanna agus aithnímid an éagsúlacht a léiríonn siad
- Forbraímid tionscnaimh ar mhaithe le feabhsú agus óstálaimid imeachtaí chun foghlaim ónár bpáirtithe leasmhara agus chun dea-chleachtas a chomhroinnt leo
- Déanaimid comhpháirtíocht le geallsealbhóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le feabhsú córais agus é a threorú, rud a théann chun sochair d'fhoghlaimeoirí ar fud an chórais oideachais tríú leibhéal

# Buneolas agus Comhthéacs

Feidhmíonn QQI i dtimpeallacht chasta, a mbraitheann raon leathan institiúidí agus geallsealbhóirí air agus a mbíonn tionchar ag raon leathan institiúidí agus geallsealbhóirí air. Mar chomhlacht reachtúil, tá ár bpríomhfheidhmeanna leagtha amach sa dlí, ach déantar ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus imscaradh acmhainní a chinneadh gach trí bliana inár ráiteas straitéise, ag brath ar choinníollacha comhshaoil. Seo é an cúigiú ráiteas straitéise  a ón QQI ina gcuirtear á dtosaíochtaí in iúl don tréimhse 2025-2027. Leagtar béim sa chuid seo ar na tosca comhshaoil a raibh tionchar acu ar a fhorbairt.

### Tírdhreach aibí socraithe...

D'fhulaing geilleagar na hÉireann cur isteach ó phaindéim dhomhanda, géarchéim costais mhaireachtála agus coinbhleachtaí i  gcomharsanacht na hEorpa. I bhfianaise na ndúshlán seo, tá athléimneacht shuntasach léirithe ag an ngeilleagar, tá barrachas buiséid ag an Státchiste agus tá an ráta fostaíochta ag dul i méid i gcónaí. Tá na réamhaisnéisí meántéarmacha ann go leanfaidh an geilleagar agus an fhostaíocht ar aghaidh ag fás.

Tá tuilleadh forbartha tagtha ar an timpeallacht bheartais don oideachas treasach de réir mar a tharraing an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta a bhunaigh an Rialtas in 2020 aird leanúnach ar an earnáil. Rinne dhá mhórmhír reachtaíochta, Acht an Údaráis um Ard-Oideachas (2022) agus an tAcht um Thaighde agus Nuálaíocht (2024) athchóiriú agus nuachóiriú ar na struchtúir mhaoinithe agus rialála don oideachas agus don taighde. Ina theannta sin, nuair a d'fhorbair an Roinn beartas do chóras oideachais treasach níos aontaithe spreagadh na hearnálacha chun dul i mbun oibre ar shlí níos dlúithe le chéile mar chuid de chóras níos comhcheangailte ar mhaithe le foghlaimeoirí.

Tá roinnt athruithe tagtha ar thírdhreach an oideachais threasaigh le blianta beaga anuas. Tá an clár oibre fadtéarmach atá leagtha amach i dtuarascáil Hunt don earnáil ardoideachais (2011-2030) níos gaire dá chur i bhfeidhm ó bunaíodh cúig ollscoil teicneolaíochta, gach ceann acu tar éis caidreamh torthúil a bhunú le QQI. Ba in 2024 a chríochnaigh na soláthraithe a thairgeann cláir as a leanann dámhachtainí QQI an próiseas trína n-athbhunaítear caidreamh go reachtúil le QQI. Tá comhdhlúthú le feiceáil sa phróiseas seo i líon na soláthraithe gníomhacha, arb ionann é agus díreach os cionn dhá chéad i láthair na huaire, agus ardoideachas á thairiscint ag os cionn tríocha díobh sin. Tá méadú seasta tagtha ó 2020 i leith ar líon na bhfoghlaimeoirí a fhaigheann dámhachtainí FET, agus tá líon na ndámhachtainí tar éis filleadh ar leibhéil réamhphaindéime, nó geall leo.

Faoi thús thréimhse an ráitis straitéise seo, beidh athbhreithnithe cáilíochta seachtracha déanta ag QQI ar gach soláthraí oideachais tríú leibhéal poiblí. Tugann sé seo deis do QQI agus don earnáil oideachais machnamh a dhéanamh le chéile ar ár gcur chuige maidir le dearbhú cáilíochta chun a chinntiú go mbeidh próisis mheastóireachta amach anseo diongbháilte agus i riocht luach a chur leis.

### ... laistigh de thimpeallacht éiginnte

Tá ról ag oideachas treasach, trína mhisin teagaisc, taighde, agus tacú le forbairt daoine aonair, pobail agus na sochaí, ó thaobh caipiteal daonna, eolas agus caipiteal sóisialta a thógáil chun freagairt d'athruithe domhanda reatha agus d'athruithe atá ag teacht chun cinn trína gcuirtear deiseanna agus dúshláin araon i láthair. Teastóidh freagraí éifeachtacha ó QQI do na hathruithe seo i gcomhar lena gcomhpháirtithe agus lena pháirtithe leasmhara, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Tá na foghlaimeoirí féin agus lócas agus seachadadh na foghlama ag athrú agus ag éagsúlú i gcónaí ar fud an oideachais threasaigh. Caithfidh córais dearbhaithe cáilíochta, foghlama, measúnaithe, bailíochtaithe agus deimhnithe a bheith ag freagairt don éagsúlacht seo i gcónaí. Tá tionchar ag éifeachtaí na paindéime ar fhoghlaimeoirí áirithe i gcónaí, ó thaobh a n-eispéireas acadúil agus ar a n-eispéireas ginearálta mar mhic léinn. Tá dúshláin bhreise le sárú ag foghlaimeoirí intíre agus idirnáisiúnta maidir le costas maireachtála agus infhaighteacht cóiríochta maireachtála inacmhainne a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar cháilíocht a n-eispéireas foghlama agus ar a rochtain agus a rannpháirtíocht i bpobail oideachais tríú leibhéal.

Is dúshlán é agus deis araon é don tsochaí i gcoitinne agus do chúrsaí oideachais, ach go háirithe, an méadú ar chumhacht na hintleachta saorga, a fheictear go háirithe sa mhéadú drámatúil ar úsáid na hintleachta saorga giniúnaí, le blianta beaga anuas. Beidh éifeachtaí idir dhearfacha agus diúltacha nach bhfacthas fós ar na teicneolaíochtaí nuálacha seo ar mhargaí saothair agus ar gheilleagair trí ghníomhaíochtaí áirithe daonna a dhíláithriú agus nádúr roinnt post agus gairmeacha a athrú. Cé gur féidir leis na teicneolaíochtaí seo táirgiúlacht a mhéadú agus saibhreas a ghiniúint, féadfaidh siad cur isteach ar chumarsáid phoiblí, ar na meáin agus ar an dioscúrsa daonlathach.. Féadfaidh siad bagairt a chur faoi phríobháideacht daoine aonair agus faoi ionracas acadúil, maidir le measúnú ar an bhfoghlaim agus aschur taighde a tháirgeadh. D'fhéadfadh infhaighteacht fhorleathan na hintleachta saorga mar thacaíocht foghlama deiseanna foghlama a scaipeadh ar shiúl ó sholáthraithe oideachais tríú leibhéal, rud a bhainfeadh an bonn dá samhlacha gnó agus dá bhfeidhmeanna deimhniúcháin.

Tá an cur isteach seo ar an teicneolaíocht tar éis freagairtí polaitiúla agus dlíthiúla a spreagadh, go háirithe tríd an nGníomh um an Intleacht Shaorga de chuid an Aontais Eorpaigh (2024) agus AI – Here for Good - National Artificial Intelligence Strategy for Ireland, a chuirfear i bhfeidhm thar thréimhse an ráitis straitéise seo. Ní fios fós a éifeachtaí atá na freagairtí seo, lena n-áirítear gníomhartha in oideachas agus oiliúint, i gcomhroinnt sonraí agus i gcúrsaí rialachais, agus beidh siad mar bhonn eolais do fhreagraí ag leibhéil náisiúnta, QQI agus soláthraithe.

Tá an éigeandáil aeráide agus na dúshláin ghaolmhara a bhaineann leis an aistriú go geilleagar neodrach ó thaobh carbóin de, cé go maolóidh siad éifeachtaí an athraithe aeráide ar an tsochaí agus ar an gcomhshaol, ar an dúshlán is suntasaí i gcónaí atá le sárú ag gach earnáil den tsochaí. I réimse an oideachais, ní amháin go gcaithfidh soláthraithe a gcuid oibríochtaí féin a oiriúnú chun laghdú a dhéanamh ar astuithe mar atá i dtionscail eile, ach ní mór dóibh tuiscint a fháil ar na scileanna a bheidh de dhíth agus cláir a fhorbairt chun tacú le haistriú agus a gcumas taighde agus nuálaíochta a úsáid chun ár dtuiscint ar fhadhbanna aeráide agus bithéagsúlachta a fhorbairt agus díriú ar réitigh orthu.

An domhandú is cúis le fás na trádála domhanda agus an mhalartaithe chultúrtha leis na deicheanna de bhlianta anuas, tá sé faoi bhagairt ar shlite éagsúla. Tá an dóchas a bhí ann roimhe seo go leanfadh sochaithe níos oscailte agus níos daonlathacha as an trádáil oscailte á bhréagnú ag méadú ar smacht údarásach, méadú ar chaomhnaitheacht eacnamaíoch agus bagairtí faoin smacht reachta. Tá laghdú tagtha, fiú i sochaithe a bhí oscailte go traidisiúnta, ar an iontaoibh

shochaíoch, agus méadú tagtha ar scoilteanna páirtiseánacha. Tá imní faoin imirce anois ina splancphointe do dheighiltí polaitiúla agus uaireanta bíonn soghluaisteacht na mac léinn idirnáisiúnta gafa sna hargóintí agus ciorraithe ag freagairtí polaitiúla. Féadfaidh na forbairtí seo a chruthaíonn dúshláin do cháilíocht eispéiris foghlama an mhic léinn bagairt a chur faoi fhéinriail na soláthraithe oideachais agus saoirse acadúil na mac léinn agus na múinteoirí.

## Conclúid

Mar an comhlacht atá freagrach as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn, a chothabháil, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, idirghníomhaíonn QQI leis na comhlachtaí go léir atá freagrach as dámhachtainí a dhéanamh sa CNC - sna scoileanna, agus na hearnálacha oideachais agus oiliúna poiblí agus príobháideacha, ardoideachais. agus in earnáil an oideachais sa Bhéarla.

Sa tréimhse a chlúdaítear sa ráiteas straitéise seo glacfaidh QQI freagrachtaí nua as dearbhú cáilíochta soláthraithe oideachais sa Bhéarla agus comhlachtaí dámhachtana liostaithe nua lena n-áirítear cáilíochtaí na gcomhlachtaí seo a ligean isteach sa CNC. Cuirfidh an méadú seo ar na cáilíochtaí atá ar fáil leis an 'soláthar sofhreagrach agus éagsúlaithe scileanna' atá leagtha amach ag an ECFE ina tuarascáil le déanaí maidir le Straitéis Scileanna Éireann. Tacóidh an marc cáilíochta nua *TrustEd Ireland* le huaillmhian na hÉireann mar atá leagtha amach in Global Citizens 2030 – Ireland's Talent and Innovation Strategy a bheith mar cheann scríbe céadrogha d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta trí cháilíocht a gcuid eispéireas oideachais a chinntiú.

Ó bunaíodh é in 2012, tá QQI ag comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun cumas dearbhaithe cáilíochta a neartú agus a fheabhsú ar fud na hearnála treasaí. Tá dul chun cinn suntasach déanta ag QQI ar thiomantas soláthraithe maidir le córais um dhearbhú cáilíochta agus rialachais a fhorbairt atá ríthábhachtach d'ionracas na gcáilíochtaí a thairgeann siad.

Is dúshláin iad úsáid éifeachtach na foghlama ar líne agus sláine a chinntiú i measúnú ar líne, go háirithe i bhfianaise forbairt agus infhaighteacht mhéadaithe na n-ardán intleachta saorga giniúnaí.

Mar fhocal scoir, tá an uaillmhian leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2023-25 na Roinne a chur ar chumas an uile dhuine ar fud na sochaí gach gealladh atá fúthu a chomhlíonadh agus na buanna, na scileanna agus an t-eolas a fhorbairt a theastaíonn chun díriú ar dhúshláin an domhain atá ag athrú trínár gcórais oideachais threasaigh, oiliúna agus taighde chun sochaí rachmasach, inbhuanaithe agus bhríomhar a chruthú. Tugann an cuspóir seo deis do QQI, i bhfianaise a shainchúraim a bhaineann leis an gcóras treasach ar fad, cur go mór leis.

# Ár dtosaíochtaí, ár mbearta agus ár dtáscairí

Le linn chúrsa na straitéise seo, rachaidh QQI i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir chun na chéad chéimeanna eile a theastaíonn le haghaidh córas cáilíochtaí níos dinimiciúla a ghlacadh. Faoi dheireadh na bliana 2027, beidh rogha cáilíochtaí níos fearr ag foghlaimeoirí trí dhámhachtainí na gcomhlachtaí dámhachtana liostaithe agus raon méadaitheach de mhicri-dhintiúir atá dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de a bheith cuimsithe sa CNC. Geallann QQI tógáil ar ár n-anailís ar na mórdhámhachtainí ag Leibhéal 6 sa CNC trí athbhreithniú breise agus mionathrú a dhéanamh ar na cineálacha mórdhámhachtainí sa CNC chun freastal níos fearr a dhéanamh ar raon éagsúil foghlaimeoirí i gcóras oideachais threasaigh comhtháite.

Táimid tiomanta do cháilíocht faisnéise níos airde a chinntiú d'fhoghlaimeoirí ar ardáin faisnéise QQI. Soláthróidh Qualifax agus Clár Cáilíochtaí na hÉireann faisnéis mhionsonraithe ar conas rochtain a fháil ar na cáilíochtaí oideachais tríú leibhéal go léir atá cuimsithe sa CNC. Cuirfidh QQI faisnéis chuimsitheach ar fáil freisin d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta maidir le gach soláthraí ardoideachais agus oideachais sa Bhéarla a bhfuil an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* gnóthaithe acu.

Faoi dheireadh 2027, beidh freagracht níos mó faighte ag na boird oideachais agus oiliúna as forbairt agus bailíochtú clár agus beidh siad in ann cláir nua ar bhonn náisiúnta a thairiscint ar shlí níos gasta. Trí mhuinín atá ag fás as cumas dearbhaithe cáilíochta na soláthraithe ardoideachais príobháideacha atá níos seanbhunaithe, beidh QQI in ann údarás a tharmligean chuig na soláthraithe sin chun a gcuid dámhachtainí féin a dhéanamh. Déanfaidh QQI a Chomhchóras Dámhachtainí a chuíchóiriú agus cuirfidh sé ar chumas soláthraithe dámhachtainí QQI cláir ardchaighdeáin a fhorbairt ar bhealach níos aclaí agus níos solúbtha trí chaighdeáin leathana a bheith ar fáil.

I gcásanna áirithe, cuireann ár sainchúram ar ár gcumas tionchar díreach a bheith againn trínár n-iarrachtaí féin chun ár sainchúram reachtach a chomhlíonadh. Mar sin féin, is é an ról atá againn ar go leor bealaí ná bheith mar phríomh-idirghabhálaí laistigh den éiceachóras oideachais agus oiliúna ginearálta. Tabharfaimid tús áite do rialacháin iontaofa, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara agus déanfaimid taighde, anailís agus léargas ar fud an chórais. Cothóidh na gníomhartha seo tuiscint níos fearr ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn agus tacóidh siad le ceapadh agus le cur i bhfeidhm meicníochtaí chun díriú ar na fadhbanna sin.

Mar an t-aon ghníomhaireacht ar a bhfuil sainchúram a chlúdaíonn gach cuid d'earnáil an tríú leibhéil, bainfidh QQI úsáid iomlán as a shuíomh uathúil laistigh de líonraí piaraí idirnáisiúnta ceannródaíocha agus ár n-anailís neamhspleách féin chun dintiúir láidre agus inchreidte i gceannasaíocht na smaointeoireachta a léiriú i gcúrsaí cáilíochta agus cáilíochtaí.

Creidimid, i bhfianaise tiomantas, athléimneacht agus aclaíocht ár bhfoirne, infheistíocht stuama ár n-acmhainní airgeadais atá ar fáil agus úsáid éifeachtach ár mbonneagar teicneolaíochta, lena n-áirítear leas a bhaint as tairbhí na hintleachta saorga, gur féidir linn an t-uafás a bhaint amach.

Mar sin, tá na príomhthosaíochtaí seo a leanas aitheanta againn chun ár gcuid oibre a threorú agus ár n-acmhainní a dhíriú thar shaolré na straitéise seo.

# Tosaíocht straitéiseach

- an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chosaint don todhchaí
- rialáil iontaofa, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí a sheachadadh
- léargais taighde agus anailís mhórluachmhara ar fud an chórais a chomhroinnt
- comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú
- eagraíocht athléimneach agus lúfar a chruthú



# TOSAÍOCHT:

**An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chosaint don todhchaí** mar fhoinse údarásach faisnéise ar cháilíochtaí treasacha atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de

## Seo an méid a dhéanfaimid:

- forbairt bhreise ar ardáin QQI chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a chur chun cinn mar fhoinse údarásach faisnéise ar cháilíochtaí atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta lena n-áirítear micri-dhintiúir.
- athbhreithniú agus mionathrú ar na cineálacha dámhachtana reatha sa CNC chun freastal níos fearr a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí i gcóras oideachais tríú leibhéal níos comhtháite
- an rogha d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú trí aitheantas a thabhairt d'fhorais cháiliúcháin liostaithe agus a ndámhachtainí acadúla agus gairmiúla a chuimsiú sa Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí
- liosta údarásach clár oideachais sa Bhéarla agus clár ardoideachais arna dtairiscint d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta ag soláthraithe a bhfuil marc cáilíochta *TrustEd Ireland* bainte amach acu a chur i dtoll a chéile
- meastóireacht sheachtrach a chur i gcrích ar fheidhmíocht QQI mar fhoras cáiliúcháin a bhronnann cáilíochtaí oideachais tríú leibhéal atá cuimsithe sa CNC
- athbhreithniú reachtúil a dhéanamh ar cibé an gcloíonn soláthraithe aonair le beartas rochtana, aistrithe agus forchéimnithe agus an dtugann siad aitheantas cuí don réamhfhoghlaim

## Príomhtháscairí feidhmíochta:

- tá cineálacha dámhachtainí nua agus leasaithe á dtairiscint sa CNC
- tá fáil níos mó ar cháilíochtaí i mbunachair shonraí Chlár Cáilíochtaí na hÉireann agus Qualifax
- foilsíodh an t-athbhreithniú ar rochtain, aistriú agus forchéimniú agus an t-athbhreithniú ar QQI mar fhoras cáiliúcháin

# TOSAÍOCHT:

**Rialú, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí** iontaofa a sholáthar a oireann do riachtanais éagsúlachta foghlaimeoirí agus soláthraithe

## Seo an méid a dhéanfaimid:

- faisnéis údarásach a sholáthar faoi cháilíocht an chórais oideachais threasaigh phoiblí trí chreat faireacháin cuimsitheach ina mbainfear úsáid as uirlisí cuí cainníochtúla agus cáilíochta
- caidreamh a bhunú le soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais chun samhlacha cuí a fhorbairt le haghaidh athbhreithniú cáilíochta institiúideach amach anseo
- ár dtreoirlínte maidir le measúnú a nuashonrú chun a chinntiú go léiríonn siad comhthéacsanna teagaisc agus foghlama atá ag athrú lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga
- neamhspleáchas agus solúbthacht a mhéadú do sholáthraithe ardoideachais príobháideacha aibí trí údarás tarmligthe a dheonú dóibh chun a ndámhachtainí féin a dhéanamh, le faireachán éifeachtach cainníochtúil agus cáilíochtúil chun maoirseacht cáilíochta a chinntiú
- níos mó freagrachta as bailíochtú clár agus roinnt clár náisiúnta breisoideachais agus oiliúna a chineachadh chuig na boird oideachais agus oiliúna chun cur ar a gcumas cláir sholúbtha nuálaíocha a fhorbairt dá bhfoghlaimeoirí
- treoirlínte um dhearbhú cáilíochta a fhorbairt do chóras aonair printíseachta, don fhoghlaim atá comhtháite leis an obair agus do chláir ar fud earnáil an oideachais threasaigh
- tuiscint níos fearr a chumasú ar cháilíochtaí thar lear i measc soláthraithe, fostóirí, agus foghlaimeoirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear daoine easáitithe agus dídeanaithe, trí sheirbhís NARIC Ireland
- athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas agus ar na critéir maidir le bailíochtú clár lena chinntiú go bhfuil siad comhréireach le méid agus leibhéal na dámhachtana QQI atá á tairiscint
- Comhchórais Dámhachtainí QQI a chuíchóiriú agus caighdeáin níos leithne a fhorbairt do dhámhachtainí QQI le gur féidir le soláthraithe cláir sholúbtha a fhorbairt
- measúnú dícheall chuí a dhéanamh ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena oiriúnaí atá siad chun oideachas agus oiliúint rialáilte a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí tríd an gciste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí a bhunú.
- an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* a eisiúint do sholáthraithe oideachais an Bhéarla agus soláthraithe ardoideachais a chomhlíonann cód cleachtais reachtúil chun oideachas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta

## Príomhtháscairí feidhmíochta:

- léiríonn soláthraithe ardoideachais agus oideachais sa Bhéarla go bhfuil na cóid chleachtais reachtúla á gcomhlíonadh acu agus tá siad údaraithe chun marc cáilíochta *TrustEd Ireland* a úsáid
- tá níos mó neamhspleáchais bainte amach ag soláthraithe maidir le dearbhú cáilíochta agus dámhachtainí
- tá caighdeáin dámhachtana nua, treoirlínte um dhearbhú cáilíochta, creat monatóireachta agus beartas bailíochtaithe ceaptha agus curtha i bhfeidhm ag QQI

# TOSAÍOCHT:

**Léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt** le príomhpháirtithe leasmhara

## Seo an méid a dhéanfaimid:

- feabhas a chur ar ár gcumas anailíse sonraí chun painéil QQI a chruthú trína soláthrófar táscairí ar leibhéal córais maidir le cáilíocht agus cáilíochtaí
- treoir agus ceannaireacht smaointeoireachta a chomhroinnt le soláthraithe i gcúrsaí measúnachta agus intleachta saorga
- anailís ar leibhéal an chórais a fhoilsiú ar ár monatóireacht bhliantúil agus ar ár measúnú tréimhsiúil ar sholáthraithe, agus úsáid a bhaint as intleacht shaorga nuair is cuí
- anailís agus léargais a sholáthar ar shonraí agus ar threochtaí dhámhachtainí  chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas
- tionchar ár gcuid léargas, taighde agus anailís a uasmhéadú trí chumarsáid éifeacht ar gach ardán
- imeachtaí a óstáil chun ár n-anailís ar leibhéal an chórais a scaipeadh, lena n-áirítear comhdháil gach dhá bhliain ar phríomhthéama straitéiseach lena gcuimsítear cáilíocht agus cáilíochtaí.

## Príomhtháscairí feidhmíochta:

- taispeánann suirbhéanna méadú ar úsáid agus ar shástacht le hanailísí, léargais, imeachtaí agus cumarsáidí QQI

# TOSAÍOCHT:

## Comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú

### Seo an méid a dhéanfaimid:

- eolas agus tionchar a imirt ar bheartas oideachais agus oiliúna trínár gcaidreamh leis an rialtas, maoinitheoirí poiblí, soláthraithe agus a gcomhlachtaí ionadaíocha, agus páirtithe leasmhara eile
- líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a threorú chun dul i ngleic leis na bagairtí méadaitheacha faoin ionracas acadúil
- cabhrú le meicníochtaí a fhorbairt chun páirt ghníomhach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i gcáilíocht a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le comhlachtaí éagsúla ionadacha d'fhoghlaimeoirí agus tacaíochta
- cur le dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí trínár gcaidrimh straitéiseacha le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú
- úsáid a bhaint as ár meabhráin reachtúla leis na húdaráis phleanála agus maoinithe breisoideachais agus ardoideachais chun cuidiú le cáilíocht an chórais oideachais threasaigh chomhtháite a fhorbairt agus a fheabhsú
- dul i mbun comhpháirtíochtaí le forais rialála gairmiúla agus reachtúla chun córais náisiúnta creidiúnaithe gairmiúla agus bailíochtaithe acadúil clár as a leanann iontráil d'fhoghlaimeoirí i ngairmeacha rialaithe a chuíchóiriú
- tacú le méadú acmhainne sna boird oideachais agus oiliúna i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis maoinithe, comhlachtaí ionadaíocha soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile
- earnáil oideachais an Bhéarla a chomhtháthú go hiomlán laistigh de chreataí rialála agus dearbhaithe cáilíochta QQI, i gcomhar le forais ionadacha soláthraithe agus foghlaimeoirí

### Príomhtháscairí feidhmíochta:

- léiríonn QQI comhar níos mó leo siúd atá aitheanta againn mar phríomhpháirtithe leasmhara náisiúnta i maoiniú córais, rannpháirtíocht foghlaimeoirí, rialáil ghairmiúil agus oideachas sa Bhéarla.
- léiríonn QQI comhar níos mó leo siúd atá aitheanta againn mar phríomhpháirtithe leasmhara idirnáisiúnta maidir le dearbhú cáilíochta, beartas cáilíochtaí agus ionracas acadúil

# TOSAÍOCHT:

**Eagraíocht athléimneach agus lúfar a chruthú** a sholáthraíonn seirbhísí freagrúla, trédhearcacha agus éifeachtacha

## Seo an méid a dhéanfaimid:

- ionad oibre ilchineálach agus cuimsitheach a chruthú ina sainaithnítear QQI mar rogha fostóra, trí chultúr a chuireann luach ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (EDI) a chumasú, trí mharcanna cáilíochta san ionad oibre a bhaint amach agus trí thimpeallacht oibre hibrideach atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a sholáthar atá comhsheasmhach lenár n-oibleagáidí aeráide agus inbhuanaitheachta
- aclaíocht agus athléimneacht eagraíochtúil a fhorbairt trí chórais agus struchtúir a chruthú trína gcothaítear cultúr tras-eagraíochta comhroinnte eolais, cumarsáide agus bainistíochta tionscadail
- bonneagar inmheánach um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm lena n-áirítear straitéis chuimsitheach sonraí agus córais éifeachtacha bainistíochta taifead
- dul i mbun oibre leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe ag QQI as a leanfaidh táillí agus muirir níos trédhearcaí do sheirbhísí QQI, agus luach níos fearr ar airgead
- feabhas a chur ar ár seirbhísí do pháirtithe leasmhara trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, próisis agus ardáin ghnó a dhearadh atá dírithe ar an úsáideoir, agus trí acmhainneacht na hintleachta saorga a iniúchadh, de réir na treorach maidir lena húsáid i seirbhís phoiblí na hÉireann
- ár ndeimhniú d'fhoghlaimeoirí a athrú ó fhoirm fhisiciúil go foirm dhigiteach
- cloí le gach oibleagáid náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le reachtaíocht, rialú agus comhlíonadh

## Príomhtháscairí feidhmíochta:

- is roghfhostóír é QQI
- baineann QQI amach creidiúnú éagsúlacha agus cuimsitheachta a bhfuil aitheantas náisiúnta aige
- taispeánann suirbhéanna go bhfuil níos mó úsáideoirí ná riamh sásta le seirbhísí QQI
- tá sruthanna ioncaim cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe ag QQI
- comhlíonann QQI a oibleagáidí reachtacha, rialála agus comhlíonta

26/27 Denzille Lane,
Dublin 2,
Ireland.
t +353 (0) 1 905 8100

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland